



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2023  
(OR. en)

9702/23

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2023/1059(NLE)

---

---

UD 115

### **GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

---

Ábhar: RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2283 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

---

**RIALACHÁN (AE) 2023/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2283 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochá áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun soláthar leordhóthanach gan bhriseadh a áirithiú i gcás táirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíochta nach dtáirgtear cainníochtaí leordhóthanacha díobh san Aontas agus, dá bhrí sin, aon suaitheadh sa mhargadh le haghaidh na dtáirgí sin a sheachaint, osclaíodh taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais ('cuótaí') le Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle<sup>1</sup>. Laistigh de na cuótaí sin, féadfar táirgí a allmhairiú isteach san Aontas ag rátaí laghdaithe dleachta nó ag rátaí nialasacha dleachta.
- (2) Ó tharla gur chun leas an Aontais é soláthar leordhóthanach táirgí tionsclaíochta áirithe a áirithiú, agus ós rud é nach ndéantar cainníochtaí leordhóthanacha de tháirgí comhionanna, coibhéiseacha ná ionadacha a tháirgeadh laistigh den Aontas, is gá cuótaí nua a oscailt a bhfuil na huimhreacha ordaithe 09.2561, 09.2562 agus 09.2857 ag gabháil leo ag rátaí nialasacha dleachta le haghaidh cainníochtaí iomchuí na dtáirgí sin.
- (3) Ós rud é nach chun leas an Aontais a thuilleadh é na cuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.2637, 09.2679 agus 09.2740 ag gabháil leo a choinneáil ar bun, ba cheart iad a dhúnadh le héifeacht ón 1 Iúil 2023.
- (4) Agus na leasuithe atá le déanamh á gcur san áireamh agus ar mhaithe leis an tsoiléireacht, ba cheart iarscríbhinn eile a chur in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2283.

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 (IO L 458, 22.12.2021, lch. 33).

- (5) Chun nach gcuirfear isteach ar chur i bhfeidhm scéim na gcuótaí agus chun na treoirlínte a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2011 a bhaineann le fionraíochtaí agus cuótaí taraifí uathrialaitheacha a chomhlíonadh, ba cheart na hathruithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo maidir leis na cuótaí le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann a chur i bhfeidhm ón 1 Iúil 2023. Ba cheart, dá bhrí sin, an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2283.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*

---

## IARSCRÍBHINN

### IARSCRÍBHINN

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2849	ex 0710 80 69	10	Beacáin den speiceas <i>Auricularia polytricha</i> (iad neamhchócaráilte nó cócaráilte trína ngalbhuith nó trína mbruith), iad reoite, le haghaidh monarú béilí réamhullmhaithe <sup>(1)(2)</sup>	1.1.-31.12.	700 tona	0 %
09.2664	ex 2008 60 39	30	Silíní milse a bhfuil biotáille bhreise curtha leo, ina bhfuil cion siúcra is mó ná 9 % de réir meáchain, nach bhfuil níos mó ná 19,9 mm ar trastomhas, ina bhfuil an chloch, agus a bhfuiltear lena n-úsáid i dtáirgí seacláide <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	1 000 tona	10 %
09.2925	ex 2309 90 31 ex 2309 90 31 ex 2309 90 96 ex 2309 90 96	41 49 41 49	Breiseán beathaithe, arb é atá ann ar bhonn meáchan tirim: — cion 68 % nó níos mó, ach nach mó ná 80 %, de shulfáit L-lísín, agus — cion nach mó ná 32 % de chomhpháirteanna eile amhail carbaihiodráití agus aimínaigéid eile	1.1.-31.12.	100 000 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2913	ex 2401 10 35 ex 2401 10 70 ex 2401 10 95 ex 2401 10 95 ex 2401 10 95 ex 2401 20 35 ex 2401 20 70 ex 2401 20 95 ex 2401 20 95 ex 2401 20 95	91 10 11 21 91 91 10 11 21 91	Tobac nádúrtha neamh-mhonaraithe, bíodh sé gearrtha de réir gnáthmhéide nó ná bíodh, ag a bhfuil luach custaim nach lú ná EUR 450 in aghaidh an 100 kg de ghlanmheáchan, a bhfuiltear lena úsáid mar cheanglóir nó mar chumhdach i monarú táirgí atá faoi fho-cheannteideal 2402 10 00 <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12	3 000 tona	0 %
09.2828	2712 20 90		Céir phairifin ina bhfuil cion is lú ná 0,75 % d'ola de réir meáchain	1.1.-31.12.	140 000 to na	0 %
09.2600	ex 2712 90 39	10	Céir ola (CAS RN 64742-61-6)	1.1.-31.12.	100 000 to na	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2578	ex 2811 19 80	50	Aigéad sulfaimídeach (CAS RN 5329-14-6) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó, de réir meáchain, bíodh méid nach mó ná 5 % den oibreán frithstolptha dé-ocsaíd sileacain (CAS RN 112926-00-8) curtha leis nó ná bíodh	1.1.-31.12.	27 000 tona	0 %
09.2928	ex 2811 22 00	40	Líonach silice i bhfoirm gráinníní ag a bhfuil íonacht dé-ocsaíde sileacain 97 % nó níos mó, de réir meáchain	1.1.-31.12.	1 700 tona	0 %
09.2806	ex 2825 90 40	30	Trí-ocsaíd tungstain, lena n-áirítear ocsaíd ghorm tungstain (CAS RN 1314-35-8 nó CAS RN 39318-18-8)	1.1.-31.12.	12 000 tona	0 %
09.2819	ex 2833 25 00	30	Sulfáit hidrocsoáide chopair (Cu <sub>4</sub> (OH) <sub>6</sub> (SO <sub>4</sub> )), hidráit (CAS RN 12527-76-3) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	240 000 kg	0 %
09.2872	ex 2833 29 80	40	Sulfáit chaeisiam (CAS RN 10294-54-9) i bhfoirm sholadach nó ina tuaslagán uisce ina bhfuil cion 48 % nó níos mó ach nach mó ná 52 % de shulfáit chaeisiam	1.1.-31.12.	400 tona	0 %
09.2567	ex 2903 22 00	10	Tríchlóireitiléin (CAS RN 79-01-6) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	11 885 000 kg	0 %
09.2837	ex 2903 79 30	20	Brómaclóraimeatán (CAS RN 74-97-5)	1.1.-31.12.	600 tona	0 %



Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2933	ex 2903 99 80	30	1,3-Déchlóraibeinséin (CAS RN 541-73-1)	1.1.-31.12.	2 600 tona	0 %
09.2700	ex 2905 12 00	10	Própán-1-ól (alcól próipile) (CAS RN 71-23-8)	1.1.-31.12.	15 000 tona	0 %
09.2830	ex 2906 19 00	40	Cioglapróipilmeatanól (CAS RN 2516-33-8)	1.1.-31.12.	20 tona	0 %
09.2851	ex 2907 12 00	10	O-créasól (CAS RN 95-48-7) ag a bhfuil íonacht nach lú ná 98,5 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	20 000 tona	0 %
09.2704	ex 2909 49 80	20	2,2,2',2'-Teitricis(hiodrocsaimeitiol)-3,3'-ocsaidhéphrópán-1-ól (CAS RN 126-58-9)	1.1.-31.12.	500 tona	0 %
09.2565	ex 2914 19 90	70	Aicéitiolaicéatónáit chailciam (CAS RN 19372-44-2) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	400 tona	0 %
09.2852	ex 2914 29 00	60	Céatón meitile cioglapróipile (CAS RN 765-43-5)	1.1.-31.12.	300 tona	0 %
09.2638	ex 2915 21 00	10	Aigéad aicéiteach (CAS RN 64-19-7) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó, de réir meáchain	1.1.-31.12.	1 000 000 tona	0 %
09.2679	2915 32 00		Aicéatáit vinile (CAS RN 108-05-4)	1.1.-31.12.	450 000 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2728	ex 2915 90 70	85	Tríflhuaraicéatáit eitile (CAS RN 383-63-1)	1.1.-31.12.	400 tona	0 %
09.2665	ex 2916 19 95	30	(E,E)-heicsi-2,4-dé-eanáit photaisiam (CAS RN 24634-61-5)	1.1.-31.12.	8 250 tona	0 %
09.2684	ex 2916 39 90	28	Clóiríd 2,5-démheitilfeiniolaicéitile (CAS RN 55312-97-5)	1.1.-31.12.	700 tona	0 %
09.2599	ex 2917 11 00	40	Ocsaláit dé-eitile (CAS RN 95-92-1)	1.1.-31.12.	500 tona	0 %
09.2769	ex 2917 13 90	10	Seabacáit dé-mheitile (CAS RN 106-79-6)	1.1.-31.12.	1 000 tona	0 %
09.2634	ex 2917 19 80	40	Aigéad dóideacáindé-óch (CAS RN 693-23-2) ar mó ná 98,5 % a íonacht de réir meáchain	1.1.-31.12.	8 000 tona	0 %
09.2808	ex 2918 22 00	10	Aigéad O-aicéitiolsalaicileach (CAS RN 50-78-2)	1.1.-31.12.	120 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2646	ex 2918 29 00	75	<p>3-(3,5-déthreasbhúitil-4-hidrocsaifeiniol)próipianáit ochtaideicile (CAS RN 2082-79-3):</p> <p>— ar mó ná 99 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 500 µm leithead an mhogaill ann, agus</p> <p>— a bhfuil a leáphointe 49 °C nó níos mó, ach nach mó ná 54 °C, a bhfuiltear lena húsáid i monarú cobhsaitheoirí aon phaca ar meascáin púdar (púdair nó gráinníní) is bonn dóibh le haghaidh próiseáil PVC<sup>(1)</sup></p>	1.1.-31.12.	380 tona	0 %
09.2647	ex 2918 29 00	80	<p>Teitricis(3-(3,5-déthreasbhúitil-4-hidrocsaifeiniol)próipianáit) peinteiritríotóil (CAS RN 6683-19-8):</p> <p>— ar mó ná 75 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 250 µm leithead an mhogaill ann, agus ar mó ná 99 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 500 µm leithead an mhogaill ann, agus</p> <p>— ag a bhfuil a leáphointe 110 °C nó níos mó, ach nach mó ná 125 °C, a bhfuiltear lena húsáid i monarú cobhsaitheoirí aon phaca ar meascáin púdar (púdair nó gráinníní) is bonn dóibh le haghaidh próiseáil PVC<sup>(1)</sup></p>	1.1.-31.12.	140 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2975	ex 2918 30 00	10	Dé-ainhidríd bheinseafeanóin-3,3',4,4'-teitreacarbocsaileach (CAS RN 2421-28-5)	1.1.-31.12.	1 000 tona	0 %
09.2598	ex 2921 19 99	75	Ochtaideiciolaimín (CAS RN 124-30-1)	1.1.-31.12.	400 tona	0 %
09.2649	ex 2921 29 00	60	Bios(2-démheitiolaimíneitil)(meitiol)aimín (CAS RN 3030-47-5)	1.1.-31.12.	1 700 tona	0 %
09.2682	ex 2921 41 00	10	Anailín (CAS RN 62-53-3) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó, de réir meáchain	1.1.-31.12.	220 000 tona	0 %
09.2617	ex 2921 42 00	89	4-Fluara-N-(1-meitileitil)beinséanaimín (CAS RN 70441-63-3)	1.1.-31.12.	500 tona	0 %
09.2602	ex 2921 51 19	10	O-feiniléindé-aimín (CAS RN 95-54-5)	1.1.-31.12.	1 800 tona	0 %
09.2921	ex 2922 19 00	22	Aicrioláit 2-(démheitiolaimínea)eitile (CAS RN 2439-35-2) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	14 000 tona	0 %
09.2563	ex 2922 41 00	20	Hidreaclóiríd L-lisín (CAS RN 657-27-2) nó tuaslagán uiscí L-lisín (CAS RN 56-87-1), ina bhfuil cion L-lisín 50 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	300 000 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2575	ex 2923 90 00	87	Clóiríd 3-clóra-2-hiodrocsapróipil)trímheitiolamóiniam (CAS RN 3327-22-8), i bhfoirm tuaslagáin uiscí ina bhfuil cion 65 % nó níos mó ach nach mó ná 71 % de chlóiríd 3-clóra-2-hiodrocsapróipil)trímheitiolamóiniam de réir meáchain	1.1.-31.12.	12 000 tona	0 %
09.2922	ex 2923 90 00	88	Tuaslagán uiscí ina bhfuil, de réir meáchain, cion 78 % nó níos mó ach nach mó ná 82 % de chlóiríd [2-(aicriolóiloca)eitile]trímheitiolamóiniam (CAS RN 44992-01-0)	1.1.-31.12.	10 000 tona	0 %
09.2854	ex 2924 19 00	85	Búitiolcarbamáit 3-iadapróp-2-in-1-ile (CAS RN 55406-53-6)	1.1.-31.12.	450 tona	0 %
09.2874	ex 2924 29 70	87	Paraicéiteamól (ANI) (CAS RN 103-90-2)	1.1.-31.12.	20 000 tona	0 %
09.2742	ex 2926 10 00	10	Aicrilínitríl (CAS RN 107-13-1), a bhfuiltear lena húsáid i monarú earraí atá faoi Chaibidil 55 agus faoi cheannteideal 6815 <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	60 000 tona	0 %
09.2583	ex 2926 10 00	30	Aicrilínitríl (CAS RN 107-13-1), a bhfuiltear lena húsáid i monarú earraí atá faoi cheantheidil 2921, 2924, 3903, 3906, 3908, 3911 agus 4002 <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	40 000 tona	0 %
09.2856	ex 2926 90 70	84	2-Nítri-4-(trífhluaraimetil)beinsínitríl (CAS RN 778-94-9)	1.1.-31.12.	900 tona	0 %
09.2685	ex 2929 90 00	30	Nítreaguainidín (CAS RN 556-88-7)	1.1.-31.12.	6 500 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2597	ex 2930 90 98	94	Bis[3-(trí-eatocsaisiliol)próipil]désuilfid (CAS RN 56706-10-6)	1.1.-31.12.	6 000 tona	0 %
09.2596	ex 2930 90 98	96	Aigéad beansóch 2-clóra-4-(meitiolsulfóinil)-3-((2,2,2-trífhluarafluairéatocsa)meitile) (CAS RN 120100-77-8)	1.1.-31.12.	300 tona	0 %
09.2580	ex 2931 90 00	75	Heicsideiciltrímheatocsaisiolán (CAS RN 16415-12-6) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain a bhfuiltear lena úsáid i monarú poileitiléine <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	165 tona	0 %
09.2842	2932 12 00		2-Fúraildéad (fúrfúraildéad)	1.1.-31.12.	10 000 tona	0 %
09.2696	ex 2932 20 90	25	Deacán-5-óilíd (CAS RN 705-86-2)	1.1.-31.12.	6 000 kg	0 %
09.2697	ex 2932 20 90	30	Dóideacán-5-óilíd (CAS RN 713-95-1)	1.1.-31.12.	6 000 kg	0 %
09.2812	ex 2932 20 90	77	Heacsán-6-óilíd (CAS RN 502-44-3)	1.1.-31.12.	4 000 tona	0 %
09.2858	2932 93 00		Pipearóinil (CAS RN 120-57-0)	1.1.-31.12.	220 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2839	ex 2933 39 99	09	2-(2-piridil)eatánól (CAS RN 103-74-2) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	700 tona	0 %
09.2860	ex 2933 69 80	30	1,3,5-Tris[3-(démheitiolaimínea)próipil]heicsihidrea-1,3,5-trí-aisín (CAS RN 15875-13-5)	1.1.-31.12.	600 tona	0 %
09.2566	ex 2933 99 80	05	1,4,7,10-Teatrasaiciogladóideacán (CAS RN 294-90-6) ag a bhfuil íonacht 96 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	60 tona	0 %
09.2658	ex 2933 99 80	73	5-(Aicéataicéitiolaimínea)beinsimíodasólón (CAS RN 26576-46-5)	1.1.-31.12.	400 tona	0 %
09.2593	ex 2934 99 90	67	Aigéad 5-clóraitiaiféin-2-carbocsaileach (CAS RN 24065-33-6)	1.1.-31.12.	45 000 kg	0 %
09.2675	ex 2935 90 90	79	Clóiríd 4-[[2-meatocsaibeansóil]aimínea]sulfóinil]beansóile (CAS RN 816431-72-8)	1.1.-31.12.	1 000 tona	0 %
09.2945	ex 2940 00 00	20	D-Xiolós (CAS RN 58-86-6)	1.1.-31.12.	400 tona	0 %
09.2686	ex 3204 11 00	75	Dathán C.I. Disperse Yellow 54 (CAS RN 7576-65-0) agus ullmhóidí atá bunaithe air sin ina bhfuil cion 99 % nó níos mó den dathán C.I. Disperse Yellow 54 de réir meáchain	1.1.-31.12.	250 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2676	ex 3204 17 00	14	Ullmhóidí atá bunaithe ar an Dathán C.I. Pigment Red 48:2 (CAS RN 7023-61-2) ina bhfuil cion 60 % nó níos mó ach nach mó ná 85 % den dathán sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	50 tona	0 %
09.2698	ex 3204 17 00	30	Dathán C.I. Pigment Red 4 (CAS RN 2814-77-9) agus ullmhóidí atá bunaithe air sin ag a bhfuil cion 60 % nó níos mó den dathán C.I. Pigment Red 4 de réir meáchain	1.1.-31.12.	150 tona	0 %
09.2659	ex 3802 90 00	19	Cré ionfúsórach arna cailcíníú le flosc sóide	1.1.-31.12.	35 000 tona	0 %
09.2908	ex 3804 00 00	10	Ligneasulfáit sóidiam (CAS RN 8061-51-6)	1.1.-31.12.	40 000 tona	0 %
09.2889	3805 10 90		Tuirpintín sulfáite	1.1.-31.12.	25 000 tona	0 %
09.2935	ex 3806 10 00	10	Roisín agus aigéid roisín ó olaroisíní úra	1.1.-31.12.	280 000 tona	0 %



Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2832	ex 3808 92 90	40	Ullmhóid ina bhfuil cion since piritióin (ANI) (CAS RN 13463-41-7) 38 % nó níos mó ach nach mó ná 50 %, de réir meáchain, ina heasrán uiscí	1.1.-31.12.	500 tona	0 %
09.2923	ex 3808 94 20	40	Tuaslagán uiscí ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 10,0 % nó níos mó ach nach mó ná 11,3 % de 5-clóra-2-meitil-2H-isitiasóilín-3-ón, — cion 3,0 % nó níos mó ach nach mó ná 4,1 % de 2-meitil-2H-isitiasóilín-3-ón, — tíúchán comhcheangailte isitiasólón (CAS RN 55965-84-9) 13,0 % nó níos mó ach nach mó ná 15,4 %, — cion 18 % nó níos mó, ach nach mó ná 22 %, de níotráití, arna ríomh mar níotráit sóidiam, agus — cion 5 % nó níos mó, ach nach mó ná 8 %, de chlóirídí, arna ríomh mar chlóiríd sóidiam	1.1.-31.12.	3 000 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2926	ex 3811 21 00	31	<p>Breiseán arb é atá ann go bunúsach:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Aigéad déthiafosfaraidétióáite, eistir mheasctha O,O-bis (iseabúitil agus peintil), salainn since (CAS RN 68457-79-4),</li> <li>— cion 8 % nó níos mó ach nach mó ná 15 % d'ola mhianrach, de réir meáchain,</li> </ul> <p>a bhfuiltear lena úsáid i monarú cumasc de bhreiseáin le haghaidh olaí bealaithe<sup>(1)</sup></p>	1.1.-31.12.	700 tona	0 %
09.2876	ex 3811 29 00	57	<p>Breiseáin arb é atá iontu táirgí imoibriúcháin défheiniolaimín agus nóinéiní brainseacha ina bhfuil, de réir meáchain:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cion is mó ná 20 % ach nach mó ná 50 % de 4-monanaoinildéfheiniolaimín, agus</li> <li>— cion is mó ná 50 % ach nach mó ná 80 % de 4,4'-dénaoinildéfheiniolaimín,</li> <li>— céatadán iomlán 2,4-dénaoinildéfheiniolaimín agus 2,4'-dénaoinildéfheiniolaimín nach mó ná 15 % de réir meáchain,</li> </ul> <p>a bhfuiltear lena úsáid i monarú olaí bealaithe<sup>(1)</sup></p>	1.1.-31.12.	900 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2927	ex 3811 29 00	80	Breiseáin ina bhfuil: — cion is mó ná 70 % de 2,5-bis(treas-naoinildéthia)-[1,3,4]-tiadhé-asól (CAS RN 89347-09-1), de réir meáchain, agus — cion is mó ná 15 % de 5-(treas-naoinildéthia)- 1,3,4-tiadhé-asól-2(3H)-tión (CAS RN 97503-12-3), de réir meáchain, a bhfuiltear lena n-úsáid chun olaí bealaithe a mhonarú <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	500 tona	0 %
09.2814	ex 3815 90 90	76	Catalaíoch arb é atá ann dé-ocsaíd tíotáiniam agus trí-ocsaíd tungstain	1.1.-31.12.	3 000 tona	0 %
09.2644	ex 3824 99 92	77	Ullmhóid ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 55 % nó níos mó ach nach mó ná 78 % de ghlútaráit démheitile (CAS RN 1119-40-0), — cion 10 % nó níos mó ach nach mó ná 30 % d'adapáit démheitile (CAS RN 627-93-0), agus — cion nach mó ná 35 % de shucsanáit démheitile (CAS RN 106-65-0)	1.1.-31.12.	10 000 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2681	ex 3824 99 92	85	Meascán de bhios[3-(trí-eatocsaisiliol)próipil]suilfidí (CAS RN 211519-85-6)	1.1.-31.12.	9 000 tona	0 %
09.2907	ex 3824 99 93	67	Meascán d'fhítistéaróil, i bhfoirm púdair, ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 75 % nó níos mó de stéaróil, — cion nach mó ná 25 % de stanóil, a bhfuiltear lena úsáid chun stanóil/stéaróil nó eistir stanóil/stéaróil a mhonarú <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	2 500 tona	0 %
09.2568	ex 3824 99 96	91	Meascán, i bhfoirm millíní, ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 49 % nó níos mó ach nach mó ná 50 % de pholasuilfidí bios[3-(trí-eatocsaisilil)próipil] (CAS RN 211519-85-6), agus — cion 50 % nó níos mó ach nach mó ná 51 % de dhubh carbóin (CAS RN 1333-86-4), a rachaidh cion 75 % nó níos mó de, de réir meáchain, trí chriathar ina bhfuil cróite 0,60 mm, ach nach mó ná 10 % an cion de a rachaidh trí chriathar ina bhfuil cróite 0,25 mm (arna chinneadh de réir mhodh ASTM D1511)	1.1.-31.12.	1 500 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2820	ex 3827 90 00	10	<p>Meascáin ina bhfuil, de réir meáchain:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— cion 60 % nó níos mó ach nach mó ná 90 % de 2-clórapróipéin (CAS RN 557-98-2),</li> <li>— cion 8 % nó níos mó ach nach mó ná 14 % de (Z)-1-clórapróipéin (CAS RN 16136-84-8),</li> <li>— cion 5 % nó níos mó ach nach mó ná 23 % de 2-clóraprópán (CAS RN 75-29-6),</li> <li>— cion nach mó ná 6 % de 3-clórapróipéin (CAS RN 107-05-1), agus</li> <li>— cion nach mó ná 1 % de chlóiríd eitile (CAS RN 75-00-3)</li> </ul>	1.1.-31.12.	6 000 tona	0 %
09.2671	ex 3905 99 90	81	<p>Pola(bútaral vinile) (CAS RN 63148-65-2):</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— ina bhfuil cion 17,5 % nó níos mó ach nach mó ná 20 % de ghrúpaí hidroscaile, de réir meáchain, agus</li> <li>— ar mó ná 0,6 mm méid airmheánach na gcáithníní (D50) ann</li> </ul>	1.1.-31.12.	12 500 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2846	ex 3907 40 00	25	Cumasc polaiméireach de pholacarbónáit agus polai(meataicrioláit mheitile) ina bhfuil cion polacarbónáite nach lú ná 98,5 % de réir meáchain, i bhfoirm millíní nó gráinníní, agus tarchuras solais nach lú ná 88,5 % arna thomhas le sampla tástála dar tiús 4 mm ag tonnfhad $\lambda = 400$ nm (de réir ISO 13468-2)	1.1.-31.12.	2 000 tona	0 %
09.2585	ex 3907 99 80	70	Comhpholaiméir de phola(teireataláit eiriléine) agus démheatánól cigliheacsáin, ina bhfuil cion is mó ná 10 % de dhémheatánól cigliheacsáin de réir meáchain	1.1.-31.12.	60 000 tona	2 %
09.2855	ex 3910 00 00	10	Pola(meitilhidrisiolocsán) leachtach ag a bhfuil grúpaí trímheitilsilile teirminéalacha (CAS RN 63148-57-2) ag a bhfuil íonacht 99,9 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	500 tona	0 %
09.2931	ex 3911 90 11	10	Pola(ocsa-1,4-feiniléinsulfóinil-1,4-feiniléinocsa-1,4-feiniléiniseapróipiléin-1,4-feiniléin) (CAS RN 25135-51-7 agus CAS RN 25154-01-2), i gceann de na foirmeacha a luaitear i nóta 6(b) a ghabhann leis an gcaibidil seo ina bhfuil cion nach mó ná 20 % de bhreiseáin, de réir meáchain	1.1.-31.12.	6 300 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2723	ex 3911 90 19	35	Pola(ocsa-1,4-feiniléansulfóinil-1,4-feiniléanocsa-4,4'-défheiniléin) (CAS RN 25608-64-4 agus 25839-81-0) ina bhfuil cion nach mó ná 20 % de bhreiseáin, de réir meáchain	1.1.-31.12.	5 000 tona	0 %
09.2816	ex 3912 11 00	20	Calóga aicéatáite ceallalóis	1.1.-31.12.	75 000 tona	0 %
09.2561	ex 3912 39 85	60	Hiprimeallós (ANI) (CAS RN 9004-65-3), a bhfuiltear lena úsáid chun forbhiana agus earraí cógaisíochta a mhonarú <sup>(1)</sup>	1.7.-31.12.	1 500 tona	0 %
09.2573	ex 3913 10 00	20	Ailgionáit sóidiam a úscadh as feamainn rua (CAS RN 9005-38-3), ag a bhfuil — cailteanas ar thriomú di nach mó ná 15 % de réir meáchain (4 uair an chloig ag 105 °C), — codán dothuaslagtha in uisce nach mó ná 2 % de réir meáchain, agus é sin arna thomhas de réir an mheáchain thirim	1.1.-31.12.	2 000 tona	0 %
09.2641	ex 3913 90 00	87	Hialúrónáit sóidiam neamhsteiriúil: — nach mó ná 900 000 meánmheáchan a meáchain mhóilínigh (Mw), — nach mó ná 0,008 aonad Iontocsaine (EU)/mg an leibhéal iontocsainí atá inti, — nach mó ná 1 % an cion eatánóil atá inti, de réir meáchain, — nach mó ná 0,5 % an cion iseaprópánóil atá inti, de réir meáchain	1.1.-31.12.	300 kg	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2661	ex 3920 51 00	50	Leatháin de pholaimetilmeataicrioláit atá i gcomhréir leis na caighdeáin: — EN 4364 (MIL-P-5425E) agus DTD5592A, nó — EN 4365 (MIL-P-8184) agus DTD5592A	1.1.-31.12.	100 tona	0 %
09.2645	ex 3921 14 00	20	Bloc ceallach de cheallalós athghinte atá tuilthe le huisce ina bhfuil clóiríd mhaignéisiam agus comhdhúile amóiniam cheathartha dar toise 100 cm (± 10 cm) x 100 cm (± 10 cm) x 40 cm (± 5 cm)	1.1.-31.12.	1 700 tona	0 %
09.2572	ex 5205 26 00 ex 5205 27 00	10 10	Abhras singil de chádas geal neamhchóirithe — de shnáithíní cíortha, — arb é 36,5 mm nó níos mó meánfhad na snáithíní ann, — a táirgeadh trí phróiseas an tsníomhacháin fáinne le fuineadh, agus le comhbhrú neomatach, — ag a bhfuil láidreacht stróicthe 26,5 cN/tex nó níos mó (de réir ISO 2062:2009, ag luas 5,000 mm/nóiméad)	1.1.-31.12.	50 000 tona	0 %



Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2848	ex 5505 10 10	10	Dramhaíl as snáithíní sintéiseacha (lena n-áirítear scothanna, dramhaíl as snáth, agus stoc gairnéadaithe) de níolón nó polaimídí eile (PA6 agus PA66)	1.1.-31.12.	10 000 tona	0 %
09.2721	ex 5906 99 90	20	Fabraic theicstíle rubaraithe atá fite lannaithe agus na saintréithe seo a leanas ag baint léi: — trí shraith inti, — fabraic aicrileach atá i sraith sheachtrach amháin, — fabraic phoileistir atá sa tsraith sheachtrach eile, — rubar clórabúitile atá sa tsraith láir, — meáchan 452 g/m2 nó níos mó ach nach mó ná 569 g/m2 sa tsraith láir, — meáchan iomlán 952 g/m2 nó níos mó ach nach mó ná 1159 g/m2 inti, agus — tiús iomlán 0,8 mm nó níos mó ach nach mó ná 4 mm inti, a bhfuiltear lena húsáid le haghaidh díonta inardaithe mótarfheithiclí a mhonarú <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	375 000 m <sup>2</sup>	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2628	ex 7019 66 00	10	Mogall gloine, fite as snáithín gloine, atá cumhdaithe le plaisteach, arb é 120 g/m <sup>2</sup> (± 10 g/m <sup>2</sup> ) an meáchan atá ann, de chineál a úsáidtear i sciatha feithidí inchorntha le frámaí seasta	1.1.-31.12.	3 000 000 m <sup>2</sup>	0 %
09.2652	ex 7409 11 00 ex 7410 11 00	30 40	Scragall agus bandaí copair mhínghlanta arna monarú go leictrealaíoch, dar tiús 0,015 mm nó níos mó	1.1.-31.12.	1 020 tona	0 %
09.2662	ex 7410 21 00	55	Plátaí: — arb é atá iontu sraith amháin ar a laghad d'fhabraic snáithín gloine atá tuilithe le roisín eapocsaíde, — atá cumhdaithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le scragall copair nach bhfuil níos mó ná 0,15 mm ar tiús, — ag a bhfuil tairiseach tréleictreach (DK) is lú ná 5,4 ag 1 MHz arna thomhas de réir IPC-TM-650 2.5.5.2, — ag a bhfuil tadhlaí cailteanais is lú ná 0,035 ag 1 MHz, arna thomhas de réir IPC-TM-650 2.5.5.2, — ag a bhfuil innéacs rianaithe comparáideach 600 nó níos mó	1.1.-31.12.	80 000 m <sup>2</sup>	0 %
09.2835	ex 7604 29 10	30	Slata cóimhiotail alúmanaim atá 300,1 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 533,4 mm, ar trastomhas	1.1.-31.12.	1 000 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2736	ex 7607 11 90 ex 7607 11 90 ex 7607 11 90 ex 7607 11 90	75 77 78 79	<p>Stiall nó scragall de chóimhiotal alúmanaim agus maignéisiam:</p> <p>— de chóimhiotal atá i gcomhréir leis na caighdeáin 5182-H19 nó 5052-H19,</p> <p>— ina rollaí ina bhfuil trastomhas seachtrach 1 250 mm ar a laghad agus 1 350 mm ar a mhéad,</p> <p>— atá 0,15 mm, 0,16 mm, 0,18 mm nó 0,20 mm ar tiús (lamháltas - 0,006 mm),</p> <p>— atá 12,5 mm, 15,0 mm, 16,0 mm, 25,0 mm, 35,0 mm, 50,0 mm nó 356 mm ar leithead (lamháltas <math>\pm</math> 0,3 mm),</p> <p>— nach mó ná 0,4 mm/750 mm a lamháltas droinne,</p> <p>— ag a bhfuil tomhas plánachta: aonad I: <math>\pm</math> 4,</p> <p>— ar mó ná (5182-H19) 365 MPa nó (5052-H19) 320 MPa an neart teanntachta atá iontu, agus</p> <p>— ar mó nó (5182-H19) 3 % nó (5052-H19) 2,5 % a bhfadú A50, a bhfuiltear lena úsáid i monarú lataí le haghaidh dallóg<sup>(1)</sup></p>	1.1.-31.12.	600 tona	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2722	8104 11 00		Maignéisiam neamhshaoirsithe ina bhfuil cion 99,8 % ar a laghad de mhaignéisiam de réir meáchain	1.1.-31.12.	120 000 tona	0 %
09.2840	ex 8104 30 00	20	Púdar maignéisiam: — nach lú ná 98 %, ach nach mó ná 99,5 %, a íonacht de réir meáchain, agus — a bhfuil a cháithníní 0,2 mm nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 0,8 mm	1.1.-31.12.	2 000 tona	0 %
09.2629	ex 8302 49 00	91	Hanla teileascópach alúmanaim a bhfuiltear lena úsáid chun iompráin bagáiste a mhonarú <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	1 500 000 píosa	0 %
09.2720	ex 8413 91 00	50	Ceann caidéal le haghaidh caidéal ardbhrú dhá shorcóir atá déanta as cruach ghaibhnithe ina bhfuil: — feistithe snáithithe foirbthe atá 10 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 36,8 mm, ar trastomhas, agus — cainéil dhruileáilte bhreosla atá 3,5 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 10 mm, ar trastomhas, de chineál a úsáidtear i gcórais insteallta díosail	1.1.-31.12.	65 000 píosa	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2569	ex 8414 90 00	80	<p>Feireadh rotha turbaluchtaire as cóimhiotal alúmanaim theilgthe nó as iarann teilgthe:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— ag a bhfuil teasfhriotaíocht suas go 400 °C,</li> <li>— ina bhfuil poll nach lú ná 30 mm ach nach mó ná 300 mm chun an roth comhbhrúite a chur isteach,</li> </ul> <p>a bhfuiltear lena úsáid sa tionscal mótarfheithiclí<sup>(1)</sup></p>	1.1.-31.12.	4 000 000 píosa	0 %
09.2570	ex 8482 91 90	10	<p>Rollóirí, faoi phróifil logartamach, atá 25 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 70 mm, ar trastomhas nó meallta atá 30 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 100 mm, ar trastomhas,</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— déanta as cruach 100Cr6 nó cruach 100CrMnSi6-4 (ISO 3290),</li> <li>— ag a bhfuil diallas 0,5 mm nó níos lú arna chinneadh de réir mhodh FBH</li> </ul> <p>a bhfuiltear lena n-úsáid sa tionscal tuirbíní gaoithe<sup>(1)</sup></p>	1.1.-31.12.	600 000 píosa	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2562	ex 8482 99 00	30	<p>Cásanna práis:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— ar a bhfuil múnlu leanúnach nó lártheifeach déanta,</li> <li>— ar a bhfuil deileadh déanta,</li> <li>— ina bhfuil cion since 35 % nó níos mó ach nach mó ná 38 %, de réir meáchain,</li> <li>— ina bhfuil cion luaidhe 0,75 % nó níos mó ach nach mó ná 1,25 %, de réir meáchain,</li> <li>— ina bhfuil cion alúmanaim 1,0 % nó níos mó ach nach mó ná 1,4 %, de réir meáchain, agus</li> <li>— ina bhfuil neart teanntachta 415 Pa nó níos mó,</li> </ul> <p>de chineál a úsáidtear chun grán iompair a mhonarú</p>	1.7.-31.12.	275 000 píosa	0 %
09.2857	ex 8482 99 00	60	<p>Fáinní istigh agus fáinní amuigh, iad déanta as cruach, iad gan chruachan agus gan líomhadh, an fáinne amuigh agus rásbhealach inmheánach ann, an fáinne istigh agus rásbhealach taobh amuigh ann, a bhfuil a dtrastomhas seachtrach:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— 14 mm nó níos mó, ach gan é níos mó ná 77 mm, i gcás an fháinne istigh,</li> <li>— 26 mm nó níos mó, ach gan é níos mó ná 101 mm, i gcás an fháinne amuigh,</li> </ul> <p>a bhfuiltear lena n-úsáid chun imthacaí a mhonarú<sup>(1)</sup></p>	1.7.-31.12.	9 700 000 kg	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2924	ex 8501 31 00	80	<p>Gníomhróir leictreonach arb é atá ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— mótar SD ag a bhfuil cumhacht is lú ná 600 W,</li> <li>— lena úsáid le voltas soláthair 12 V go 48 V,</li> <li>— ina bhfuil nasc mótaí (ceangal a phlugáiltear isteach),</li> <li>— ina bhfuil braiteoir suímh gan tadhall,</li> <li>— atá ionsuite i bhfeireadh dronuilleogach atá níos lú ná 100 mm ar leithead agus níos lú ná 150 mm ar fad, agus ina bhfuil gear laghdaithe agus luamhán ceangailte de sheafta tiomána an mhótaí nó</li> <li>— atá ionsuite i bhfeireadh sorcóireach atá níos lú ná 150 mm ar fad agus ar lú ná 100 mm a thrastomhas, agus a bhfuil ann snáitheanna atá comhtháite i rótar an mhótaí le haghaidh gluaiseacht líneach na slaithe rialaithe comhtháite</li> </ul>	1.1.-31.12.	650 000 píosa	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2763	ex 8501 40 20 ex 8501 40 80	65 60	<p>Mótar leictreach SA, aon phas amháin, bíodh cómhálartán ann nó ná bíodh</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— ag a bhfuil cumhacht aschuir 180 W nó níos mó,</li> <li>— ag a bhfuil cumhacht ionchuir 150 W nó níos mó ach nach mó ná 2 700 W,</li> <li>— arb é 120 mm (<math>\pm</math> 0,2 mm), ach nach mó ná 135 mm (<math>\pm</math> 0,2 mm), a thrastomhas seachtrach,</li> <li>— ag a bhfuil luas rátaithe 10 000 isn nó níos mó ach nach mó ná 50 000 isn,</li> <li>— bíodh aerthóir aer-ionduchtúcháin feistithe ann nó ná bíodh,</li> <li>— bíodh gaireas meicniúil (pinniún, scriúnna, nasc giair etc.) ar an seafta nó ná bíodh,</li> </ul> <p>a bhfuiltear lena úsáid chun fearais tí a mhonarú<sup>(1)</sup></p>	1.1.-31.12.	2 000 000 píosa	0 %



Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2574	ex 8537 10 91	73	<p>Gaireas ilfheidhmeach (painéal ionstraimí) ina bhfuil / ar a bhfuil:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— taispeáint chuar TFT LCD (dar ga 750 mm) faoi dhromchlaí tadhall-íogaire,</li> <li>— micreaphróiseálaithe agus sliseanna cuimhne,</li> <li>— modúl fuaime agus callaire,</li> <li>— nascóirí le haghaidh CAN, bus LIN x 3, LVDS agus Ethernet,</li> <li>— chun feidhmeanna éagsúla a oibriú (e.g. fonnadh, solas) agus</li> <li>— chun sonraí a thaispeáint a bhaineann le staid na feithicle agus leis an loingseoireacht (e.g. an luas, an t-odaiméadar, leibhéal luchtá an bhataire tiomána),</li> </ul> <p>a bhfuiltear lena úsáid chun gluaisteáin paisinéirí faoi chumhachtú mótair leictreach, agus faoin gcumhachtú sin amháin, atá faoi fho-cheannteideal CC 8703 80 a mhonarú<sup>(1)</sup></p>	1.1.-31.12.	66 900 píosa	0 %
09.2910	ex 8708 99 97	75	<p>Brac taca cóimhiotail alúmanaim ar a bhfuil poill feistiúcháin, bíodh cnónna teannta air nó ná bídis, chun an gearbhosca a cheangal go hindíreach le cabhail an chairr lena úsáid i monarú earraí atá faoi Chaibidil 87<sup>(1)</sup></p>	1.1.-31.12.	200 000 píosa	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2668	ex 8714 91 10 ex 8714 91 10 ex 8714 91 10	21 31 75	Fráma rothair, déanta de shnáithíní carbóin agus roisín saorga, a bhfuiltear lena úsáid chun rothair a mhonarú (lena n-áirítear rothair leictreacha) <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	600 000 píosa	0 %
09.2564	ex 8714 91 10 ex 8714 91 10 ex 8714 91 10	25 35 77	Fráma, déanta as alúmanam nó as snáithíní alúmanaim agus carbóin agus roisín saorga, a bhfuiltear lena úsáid i monarú rothar (lena n-áirítear rothair leictreacha) <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	9 600 000 p/st	0 %

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2579	ex 9029 20 31 ex 9029 90 00	40 40	Painéal ionstraimí braislithe ar a bhfuil / ina bhfuil: <ul style="list-style-type: none"> <li>— mótair chéimniúcháin,</li> <li>— snáthaidí analóige agus diaileanna,</li> <li>— bíodh clár rialúcháin micreaphróiseálaí ann nó ná bíodh,</li> <li>— bíodh táscairí LED nó taispeáint LCD ann nó ná bíodh,</li> <li>— a thaispeánann an méid seo a leanas, ar a laghad:</li> <li>— an luas,</li> <li>— ráta imrothlaithe an innill,</li> <li>— teocht an innill,</li> <li>— leibhéal an bhreosla,</li> <li>— a dhéanann cumarsáid trí phrótacail CAN-BUS agus/nó K-LINE,</li> </ul> a bhfuiltear lena úsáid chun na hearraí atá faoi Chaibidil 87 a mhonarú <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	160 000 píosa	0 %

- (1) Tá fionraí na ndleachtanna faoi réir maoirseacht chustaim úsáide deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.
- (2) Maidir le dleachtanna taraife a chur ar fionraí, áfach, níl sin infheidhme i gcás inar gnóthais mhiondíola nó lónadóireachta a dhéanann an phróiseáil.